

Coláiste Chúlainn - Aonad Coláiste Lú

14ú Deireadh Fomhair 2019



Coláiste Chúlainn
Cúram. Forbairt. Feabhas.



lmetb
Bord Oideachais agus
Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education
and Training Board



Glacfar le hiarrataisí go dtí an 25ú Deireadh Fómhair 2019.

Sonraí ar fáil ar www.colaiстеcc.ie

Cúram. Forbairt. Feabhas.

Príomhoide: Tomás Ó Searcaigh

Cúlra

Tá Coláiste Chú Chulainn agus An tAonad Gaeilge suite i gceann de na foirgnimh scoile is nua sa tír. Roimhe seo, bhí páirceanna luthchleasaithe an chondae agus monarchan bróg Clarks ar an láthair. Láthair lárnach i nDún Dealgan atá againn le cúrsaí taistil den scoth do thiománaithe, choisithe agus rothaithe. Is é Comhairle Contae Lú a chuir an scoil ar fáil thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tagann scoláirí ón cheantar máguaird, Contae Mhuineacháin agus Contae Ard Mhacha chun a n-oideachas dara leibhéal a fháil. Tá Aonad againn ar a dtugtar Coláiste Lú go háitiúil.



Fís

Tá fís oideachasúil na scoile bunaithe ar mhana na scoile: Cúram Forbairt Feabhas agus tá sé leagtha amach anseo i bhfoirm na deich pointe. Is iar-bhunscoil muid atá ilsainchreidmheach, comhoideachasúil, daltalárnach, freagrach as an phobal agus, ina theannta leis sin, déanfaimid ár seacht ndícheall na rudaí seo a leanas a chur ar fáil:

- Sármhaitheas i dteagasc agus i bhfoghlaím, ríomhfhoghlaim ina measc.
- Deiseanna a chruthú do na daltaí ionas gur féidir leo a bheith is fearr agus is féidir leo, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.
- Cuimsiú do gach dalta ar gach leibhéal cumais.
- Timpeallacht foghlamtha atá dearfach, sábháilte agus sona ina bhfuil meas curtha chun cinn.
- Curaclam agus leathan agus cothrom.
- Baint shuntasach agus leibhéal ard rannpháirtíocht ag tuismitheoirí.
- Struchtúr bainistíochta atá daonlathach agus cuimsitheach.
- Tacaíocht spriocdhírthe do na daltaí.
- Scoth na foirgnimh agus áiseanna teagaisc.
- Pointe fócasach ag croílár an phobail.



San Aonad

Tógann gach páiste an scrúdú CAT i mí Feabhra i rith Rang 6. Tacaíonn seo leis an scoil, an clann agus an scoláire a riachtanaisí curaclaim agus a láidreachtaí foghlama a thuiscint. Deanann gach éinne freastal ansin ar Oíche Eolais maidir leis na hábhair roghnacha. Tógaimid orainn féin na hábhair a leanas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge san Aonad. Cuirtear Gaeilge agus Francís ar fáil trí mheán an sprioctheanga

| | | |
|---------|--------------|----------------------|
| Gaeilge | Stair | Corpoideachas |
| Ceol | Tíreolaíocht | Na Meáin Dhigiteacha |
| Mata | Eolaíocht | Folláin |

Is féidir freisin trí chinn de na hábhair a leanas a roghnú:

| | | | |
|--------------------------------|---------------------|------------|--------------|
| Innealtóireacht | Ealaín | Francís | Staidéar Gnó |
| Teicneolaíocht Ábhair (Adhmad) | Ceol | Gearmáinis | |
| Grafaic Theicniúil | Eacnamaíocht Bhaile | Spáinis | |

Struchtúr agus Áiseanna an Aonaid

Tá Caomhnóir ag gach rang a thugann aire do na scoláire ar bhonn tréadach. Feidhmíonn beirt phríomhoide cúnta mar ceannairí bliana, Gaeilgeoir duine amháin acu ar a laghad. Ceapfar Stiúrthóir go luath. Tabharfaidh an Stiúrthóir tacaíocht d'eispéireas an scoláire agus cleachtas an mhúinteora maidir le soláthar an churaclaim trí mheán na Gaeilge san Aonad. Beidh tionól leis an Stiúrthóir uair sa tseachtain. Déanfaidh an Stiúrthóir teagmháil díreach le tuismitheoirí agus déanfar tuairiscíu leis an bpríomhoide maidir lenár soláthar trí mheán an Gaeilge agus mar is féidir linn cur leis. Beidh an Stiúrthóir freagrach as bolscaireacht a dhéanamh agus rollú a threisiú i measc daltaí bunscoile fud fad an chontae agus níos faide uainn.

Beidh ar an Stiúrthóir cur le cumas na múinteoirí ar mhian leo múineadh trí mheán na Gaeilge agus tacú leo freastal ar cibé traenáil a chuireann BOOÉ nó dreamanna eile ar fáil. Beidh an Stiúrthóir freagrach as rollú a fhorbairt go dtí an leibhéal a iarrann an Roinn Oideachais agus Scileanna go mbainfear Gaelcholáiste amach do Chontae Lú.



- Fanann na ranganna i mbuansheomraí do na bunábhair. Bogann said do na hábhair speisialta.
- Oibríonn an Stiúrthóir in Oifig an Stiúrthóra san Aonad.
- Tá taisceadáin na scoláirí lonnaithe san Aonad.
- Beidh rannóg ar leith d'áiseanna Gaeilge sa leabharlann nua.
- Cuireann bialann na scoile biachlár ar fáil trí mheán na Gaeilge agus cuirimid ceantar ar fáil sa bhialann dóibh siúd ar mhaith leo Gaeilge a labhairt.

Guth an Scoláire

- Toghann gach rang sa scoil ionadaithe chuig Comhairle na Scoláirí. Cruthaíonn na scoláirí ón Aonadh fochoiste na Gaeilge chun nithe a bhaineann leis an Aonad a phlé.

Cúrsaí Seach-Churaclach

- Scléip – Comórtas ceoil
- Abair – Caint phoiblí
- Díospóireacht Uí Chadhain
- Féile Scoldrámaíochta
- Gaelbhrtach

